Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

# Íocaíocht le Foireann ar Conradh

# Ceisteanna Coitianta

## Conas a chuirim sonraí mo chuntais reatha bhainc ar fáil le haghaidh íocaíochta?

Más ceapachán nua tú le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) nó má tá do chuntas bainc athraithe ó bhí tú fostaithe cheana, ní foláir duit sonraí do chuntais reatha bhainc a chur ar fáil trí *Fhoirm Sonraí Bainc CSS* atá ar fáil ar an suíomh gréasáin againn >nasc le cur isteach> a chomhlánú. Caithfear an fhoirm shínithe a sheoladh chuig Rannóg an Airgeadais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37TP65.

## Cén t-eolas atá de dhíth orm chun an Fhoirm Chuntais (Foirm Éilimh Íocaíochta) a chomhlánú?

Tá faisnéis reatha maidir le hAsbhaintí Reachtúla agus Taisteal & Cothabháil ar fáil in Faisnéis Airgeadais d'Fhoireann na Scrúduithe atá ar Conradh. Moltar é seo a léamh sula ndéanann tú d'fhoirm chuntais atá ar fáil anseo a chomhlánú.

## Cé aige a sheolaim an Fhoirm Chuntais Chomhlánaithe agam?

Déan cinnte go bhfuil d'Fhoirm Chuntais comhlánaithe go hiomlán, sínithe agus **seolta go díreach** sa chlúdach bán réamhíoctha a cuireadh ar fáil duit chuig Rannóg an Airgeadais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí N37TP65.

***Do Scrúdaitheoirí sna scrúduithe Scríofa, níl feidhm níos mó leis an gcleachtas den Fhoirm Chuntais a sheoladh chuig do Chomhairleoir Sinsearach.***

## Cathain a íocfar mé?

Nuair a fhaightear d'Fhoirm Chuntais chomhlánaithe i Rannóg an Airgeadais, eiseofar ríomhphost admhála chugat.

Ar an gcoinníoll go bhfuil d'Fhoirm Chuntais comhlánaithe go hiomlán, tá gealltanas tugtha againn gach iarracht a dhéanamh d'íocaíocht a phróiseáil laistigh de 30 lá ón dáta a bhfaightear í.

Is gnách éilimh ó fhoireann ar conradh a phróiseáil de réir chineál an cheapacháin (e.g Scrúdaitheoirí sna Béaltrialacha, Scrúdaitheoirí sna Scrúduithe Praiticiúla, Feitheoirí, Scrúdaitheoirí sna Scrúduithe Scríofa etc) agus de réir an dáta a bhfaightear an fhoirm chuntais.

### Cad a tharlaíonn má bhíonn m'Fhoirm Chuntais neamhiomlán?

Seolfar d'Fhoirm Chuntais ar ais chugat nuair a fhaightear í mura síníonn tú d'Fhoirm Chuntais nó má fhágtar aon eolas riachtanach ar lár.

Cuirfear tús athuair lenár ngealltanas íocaíocht a dhéanamh taobh istigh de 30 lá nuair a fhaightear d'Fhoirm Chuntais chomhlánaithe ar ais.

### Cé mhéad a íocfar liom?

Beidh an méid a íocfar leat ag brath ar chineál do cheapacháin mar a shonraítear é i do litir cheapacháin. Ina theannta sin, tá sonraí coimrithe ar fáil anseo den mhéid is féidir le Scrúdaitheoirí sna Scrúduithe Scríofa a thuilleamh ar an meirge Earcaíocht ar an suíomh gréasáin againn faoi Táillí.

Taispeánfaidh Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim ROS atá ar fáil anseo d'íocaíocht inchánach a luaithe agus a bheidh sí próiseáilte againn. **Níl Taisteal agus Cothabháil, ar costas neamh-inchánach é, san áireamh anseo.**

Eiseofar do dhuillín pá chugat nuair a bheidh d'íocaíocht próiseáilte agus uaslódáilte chuig ár mbanc le heisiúint chuig do chuntas bainc féin.

### An bhfaighidh mé réamhíocaíocht?

Déanfar réamhíocaíocht le Scrúdaitheoirí sna Scrúduithe Praiticiúla, Scrúdaitheoirí sna Scrúduithe Béil, Scrúdaitheoirí sna Scrúduithe Scríofa agus Feitheoirí agus beidh an méid a íocfar ag brath ar chineál do cheapachán. Déantar seo a bhaint as d'Éileamh Cuntais ansin. **Tá réamhíocaíochtaí faoi réir ag asbhaintí reachtúla mar ÍMAT, ÁSPC, MSU i gcomhréir le treoracha ó na Coimisinéirí Ioncaim**.

### Má bhíonn ceist agam maidir le m'Foirm Chuntais, mo chuid sonraí bainc nó m'íocaíocht, cé leis a ndéanaim teagmháil?

Moltar duit teagmháil a dhéanamh le Rannóg an Airgeadais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit mar seo a leanas:

**Ríomhphost:** financial@examintations.ie

**Fón:** 090 64 2803/2804/2821/2847/2872

**Tabhair do d'Aire, le do thoil**: I rith na dtréimhsí fíorghnóthacha againn, ón 1 Iúil go dtí 31 Lúnasa, ní bheidh Foireann Rannóg an Airgeadais ar fáil lá ar bith le glaonna gutháin a ghlacadh idir 11.30am agus 12.30pm.